Foras na Gaeilge

*Doiciméad Comhairliúcháin*
*Aibreán 2017*

# Athbhreithniú ar Mhaoiniú d'Ionaid Ghaeilge

**Foras na Gaeilge**
www.forasnagaeilge.ie

# ÁBHAR

## Clár an ábhair


1. Réamhrá ... 3
2. Rúndacht agus Saoráil Faisnéise ... 4
3. An Comhthéacs ... 5
4. Clár ama ... 6
5. Comhionannas Deiseanna ... 6
6. Comhairliúchán Dírithe ar an Earnáil ... 6
7. Staid reatha ... 7
8. An Scéim Mholta ... 7
9. Roghanna ... 8
10. Measúnú ar Thionchair ... 9
11. Cinneadh Polasaí ... 11
12. Do Thuairimí a Lorg ... 13

# 1. Réamhrá

**Cuspóir an Chomhairliúcháin**

Ba mhaith le Foras na Gaeilge tuairimí a fháil ón bpobal faoin dóigh is fearr chun tacaíocht a chur ar fáil d'ionaid Ghaeilge ar fud na tíre.

Is mian linn tacaíocht a chur ar fáil do na hionaid Ghaeilge ar fud na tíre le deiseanna a chur ar fáil don phobal úsáid a bhaint as a gcuid Gaeilge. Tugann taighde le fios dúinn, má bhíonn "spás sábháilte" ar fáil ag daoine a labhraíonn mionteanga go gcuireann sin go mór le húsáid na Gaeilge sa phobal. Leis an gcáipéis chomhairliúcháin seo, tá Foras na Gaeilge ar lorg tuairimí ar scéim úr a chuirfidh tacaíocht mhaoinithe ar fáil d'ionaid Ghaeilge ar fud na tíre, le deiseanna úsáide a chur ar fáil don phobal.

Tugann an cháipéis chomhairliúcháin seo cúlra do dhaoine maidir le cur chuige agus cur i bhfeidhm na scéime molta.

Ba mhaith linn tuairimí a fháil ón bpobal ar na ceithre rogha éagsúla atá pléite againn sa cháipéis seo. Chun cuidiú leis an bpróiseas comhairliúcháin seo tá cuntas sa cháipéis ar mholtaí Fhoras na Gaeilge maidir leis an scéim. Tá ceisteanna inti freisin ba mhaith linn tú a fhreagairt.

**Freagairt don chomhairliúchán**

Is féidir ceistneoirí comhlánaithe a chur de ríomhphost nó de phost chuig an gComhordaitheoir Freagairtí thíos. Caithfidh do fhreagairt a bheith faighte againn roimh 13.00 ar an **22 Meitheamh 2017**. Gheobhaidh tú admháil laistigh de 2 lá oibre (de ríomhphost nó 5 lá i gcóip chrua) as do fhreagairt. Mura bhfaigheann tú admháil, déan teagmháil linn, le do thoil, ag an uimhir ghutháin thíos.

Tabhair na sonraí seo a leanas, le do thoil:

**Ainm: Somhairle Mag Uidhir**

**Ag freagairt thar ceann (más bainteach): Conradh na Gaeilge**

**Sonraí Teagmhála: somhairle@cnag.ie | +447436955561**

**Comhordaitheoir Freagairtí**
**Foras na Gaeilge**
**2-4 Sráid na Banríona**
**Béal Feirste, BT1 6ED**

**Teil +44 2890 890970**

**Comhordaitheoir Freagairtí**
**Foras na Gaeilge**
**7 Cearnóg Mhuirfean**
**Baile Átha Cliath 2**

**Teil +353 1 639 8400**

**Ríomhphost: ionaid@forasnagaeilge.ie**

## 2. Rúndacht agus Saoráil Faisnéise

Foilseoidh **Foras na Gaeilge** achoimre ar na freagairtí tar éis dheireadh an phróisis comhairliúcháin agus féadfaidh sé iad a fhoilsiú ina n-iomláine. Más fearr leat go bpléifear le do fhreagairtí faoi rún inis dúinn le do thoil, ag sonrú na bhfáthanna atá agat. Ach, fiú má iarrann tú go bpléifear le do fhreagairt faoi rún, féadfaidh Foras na Gaeilge a shocrú, nó féadfaidh Coimisinéir Faisnéise a éileamh ar Fhoras na Gaeilge do fhreagairt a fhoilsiú ina iomláine nó cuid di. Glacfar leis nach mbaineann aon séanadh uathoibríoch a ghineann do chóras ríomhaireachta le do fhreagra, ach amháin maidir le faisnéis ar iarradh rúndacht ina leith go sonrach.

Má iarrtar orainn freagraí a nochtadh faoin gCód Cleachtais ar Shaoráil Faisnéise do na comhlachtaí forfheidhmithe Thuaidh/Theas agus Tourism Ireland, cuirfimid aon iarratas ar rúndacht san áireamh. Ní féidir, áfach, urrús a thabhairt maidir le rúndacht faoi shaoráil faisnéise.

Láimhseálfaimid go cuí sonraí pearsanta a chuirfidh tú ar fáil de réir reachtaíochta a bhaineann le Cosaint Sonraí.

Le tuilleadh eolais ar rúndacht freagairtí a fháil, déan teagmháil le do thoil le hOifig an Choimisinéara Faisnéise nó féach an láithreán Idirlín ag: www.informationcommissioner.gov.uk nó www.oic.gov.ie

## 3. An Comhthéacs

Tá Foras na Gaeilge ag iarraidh freastal níos straitéisí agus níos leithne a dhéanamh ar ionaid Ghaeilge ar fud na tíre. Táimid ag iarraidh sin a dhéanamh trí chiste a bhunú le deontais a chur ar fáil.

Tá go leor ionaid Ghaeilge ar fud na tíre a bheadh in ann deiseanna úra úsáide Gaeilge a chur ar fáil don phobal dá mbeadh tacaíocht deontais ar fáil acu. Dá mbeadh deontas ar fáil, thiocfadh forbairt a dhéanamh ar chlár gníomhaíochtaí do na pobail bhríomhara Gaeilge mar 'spás sábháilte'.

Tá cuid mhór ionaid Ghaeilge ag teacht chun cinn ó thuaidh de bharr infheistíocht chaipitil an 'Chiste Infheistíochta'. Tá an Ciste Infheistíochta ag iarraidh go mbeadh ionaid phobalbhunaithe ann a dhéanfaidh freastal ar riachtanais an phobail Ghaeilge ar bhonn áitiúil. Tá ionaid úra oscailte cheana féin de bharr na hinfheistíochta seo ón Chiste Infheistíochta in Áth na Long, Béal Feirste, Carn Tóchair, Cromghlinn agus Iúr Cinn Trá. Tá cinn eile á bhforbairt in Ard Mhacha, Baile na Croise, Dún Geimhin, Gleann an Iolair, Léim an Mhadaidh agus Machaire Rátha,

Tá ionaid Ghaeilge eile ann ó dheas nach bhfuil Foras na Gaeilge ag cur maoiniú ar fáil dóibh, i gCorcaigh, Luimneach, An tAonach, agus Dún Dealgan, agus tá cinn úra ag teacht chun cinn in áiteanna eile ó dheas, (Tamhlacht agus Baile Locha Riach).

Tá roinnt ionad ann atá ag feidhmiú mar ionaid Ghaeilge a bhfuil Oifigeach Forbartha Gaeilge faoin Scéim Phobail Gaeilge lonnaithe iontu, cé nach bhfuil Foras na Gaeilge á maoiniú: Áras Chrónáin – Baile Átha Cliath, Áras na nGael – Gaillimh, An Carn – Doire Theas, Dún Mhuire – An tAonach, An Droichead – Béal Feirste, Ionad Uíbh Eachach – Béal Feirste, Áras Mhic Goill – Béal Feirste agus Áras Mhic Reachtain – Béal Feirste.

Ba mhaith le Foras na Gaeilge teacht ar bhealach chun tacaíocht a thabhairt do na hionaid seo chun cuidiú leo deiseanna úsáide Gaeilge a chur ar fáil don phobal.

Níl scéim ag Foras na Gaeilge le haghaidh ionaid, atá oscailte do phobal na Gaeilge ar fud na tíre. Táimid ag iarraidh **Scéim ar Thacaíocht d'Ionaid Ghaeilge** a bhunú.

**Cad é is 'Ionad Gaeilge' ann:**
Bheadh sé ina chuspóir ag Ionad Gaeilge:

- timpeallacht lán-Ghaeilge a chruthú is a bhuanú;
- rannpháirtíocht an mhórphobail áitiúil sa phobal Gaeilge a spreagadh agus fhorbairt;
- deiseanna úsáide Gaeilge a chruthú agus a éascú; agus
- cuidiú le pobal na Gaeilge (idir dhaoine líofa agus fhoghlaimeoirí) gréasáin shóisialta a fhorbairt.

Bheadh an foirgneamh oscailte don mhórphobal ar bhonn rialta, agus do phobal na Gaeilge go háirithe ar bhonn laethúil. Bheadh an Ghaeilge á húsáid agus á cur chun

cinn san ionad, agus bheadh an Ghaeilge ina teanga oibre agus cumarsáide ag an fhoireann fhostaithe agus dheonach, agus san ionad ar bhonn ginearálta.

Tá an scéim seo ag iarraidh maoiniú a chur ar fáil do phobail aitheanta Gaeilge le cur le húsáid na Gaeilge i gceantair ina bhfuil Ionaid Phobail Gaeilge.

Beidh maoiniú tríd an scéim seo dírithe ar dheiseanna úsáidte Gaeilge a chruthú agus a chothú ag leibhéal an phobail san ionad – **ní scéim chaipitil a bheidh inti agus is deontas do mhaoiniú tionscadail amháin a bheidh ar fáil d'iarratasóirí**.

Sa 'Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge' luaitear an tábhacht a bhaineann le timpeallacht faoi leith do phobal labhartha na Gaeilge agus ról an Ionaid Ghaeilge mar institiúid leis an *'spás sábháilte'* a chur ar fáil do chainteoirí Gaeilge i gceantair éagsúla.

Is gné thábhachtach de phrionsabail na Pleanála Teanga í an ghréasánaíocht. Tá ról lárnach ag Ionaid Ghaeilge chun deiseanna úsáidte do phobail na Gaeilge a spreagadh laistigh de thimpeallacht shóisialta.

## 4. Clár ama

Is é **13.00 ar an 22 Meitheamh 2017** an spriocdháta le haighneachtaí a fháil.

## 5. Comhionannas Deiseanna

Tugann an rannán seo an cúlra chruthú agus chuspóir na cáipéise seo.

De réir Alt 75 den *Northern Ireland Act* 1998 caithfidh Foras na Gaeilge, agus é ag cur a chuid feidhmeanna i bhfeidhm, aird chuí a bheith aige ar chomhionannas deiseanna:

- idir daoine nach ionann creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil, cine, aois, stádas pósta nó claonadh gnéis;
- idir fir agus mná go ginearálta;
- idir daoine a bhfuil míchumas acu agus daoine nach bhfuil;
- idir daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil.

Chomh maith leis sin, gan dochar dá oibleagáidí thuas, caithfidh Foras na Gaeilge aird a bheith aige ar a inmhianaithe agus atá sé dea-chaidreamh a chur chun cinn idir daoine nach ionann creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil nó grúpa cine dóibh.

Tá Foras na Gaeilge go hiomlán tiomanta cloí le riachtanais reachtúla alt 75 an *Northern Ireland Act* 1998.

Faoi alt 49A den *Disability Discrimination Act* 1995 (DDA 1995) (mar atá leasaithe ag an *Disability Discrimination (Northern Ireland) Order 2006*), éilítear ar Fhoras na Gaeilge, agus é ag cur a chuid feidhmeanna i bhfeidhm, aird chuí a bheith aige ar an ngá:

- dearcaidh dhearfacha a chur chun cinn i leith daoine a bhfuil míchumas acu; agus
- rannpháirteachas a spreagadh ag daoine a bhfuil míchumas acu sa saol poiblí ('na dualgais maidir le míchumas').

## 6. Comhairliúchán dírithe ar an earnáil

Iarrfar tuairimí na ngrúpaí maoinithe reatha agus deontaithe faoi scéimeanna éagsúla Fhoras na Gaeilge, agus tuairimí na 6 Cheanneagraíocht ar na socruithe maoinithe molta seo agus ar fhorbairt scéim úr le haghaidh ionaid, trí aighneachtaí scríofa agus teagmháil leanúnach.

## 7. Staid reatha

Faoi láthair cuirtear maoiniú a fháil don dá ionad thíos. Níl Foras na Gaeilge ag maoiniú an dá Ionad Gaeilge seo de réir scéime, ach ceadaítear deontas bliantúil dóibh trí phróiseas iarratais.

- **Cultúrlann Mac Adam Ó Fiaich** i gCathair Bhéal Feirste
  - Deontas €143,293 = £100,305 (2016).
  - Líon fostaithe: tá **3** phost lán-aimseartha maoinithe trí dheontas Fhoras na Gaeilge.
- **An Gaeláras (Cultúrlann Uí Chanáin)** i gCathair Dhoire
  - Deontas €176,623 = £123,636 (2016).
  - Líon fostaithe: tá **4** phost lán-aimseartha maoinithe trí dheontas Fhoras na Gaeilge.

Go deireadh 2016, tá infheistíocht maoinithe os cionn €6,143,500[1] = £4,490,395 curtha ar fáil don dá Chultúrlann ag Foras na Gaeilge.

## 8. An Scéim Mholta

Tá Foras na Gaeilge ag iarraidh freastal níos leithne a dhéanamh ar éileamh ó phobail na Gaeilge in áiteanna a bhfuil ionaid a bheadh in ann feidhmiú mar ionad Gaeilge. Táimid ag iarraidh sin a dhéanamh laistigh den chiste reatha maoinithe atá againn d'ionaid.

Tá Foras na Gaeilge ag iarraidh tuairimí an phobail ar na moltaí seo:

- Go gcuirfí maoiniú ar fáil ar iarratas ó choistí do phríomhionaid Ghaeilge i roinnt ceantair uirbeacha / mórchathracha ar fud na tíre a bhfuil pobal Gaeilge

[1] Measta de réir ráta malairte de £1:€0.70 mar a bhí i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge in 2016.

ag teacht chun cinn iontu. Leis an maoiniú bheadh siad ábalta uasmhéid de dhá fhostaí a fhostú (€70,000 = £50,000) chun tacú le cur chun cinn na Gaeilge tríd na hionaid sin;

| | Deontas Reatha | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| **Cultúrlann McAdam Ó Fiaich** | £100k | £85k | £65k | £50k |
| **Gaeláras Uí Chanáin** | £123k | £100k | £75k | £50k |
| **Iomlán deontas don 2 chultúrlann** | **£223k** | **£185k** | **£140k** | **£100k** |
| **Ciste ar fáil do Scéim Ionaid Pobail[2]** | €0 | €44k (£38k) | €95k (£83k) | €140 (£123k) |

- Go mbeadh maoiniú laghdaithe dá réir sin ar fáil ag an dá Chultúrlann ó thuaidh (**Cultúrlann McAdam Ó Fiaich** agus **Gaeláras Uí Chanáin);**
- Go mbeadh maoiniú ar an mbonn céanna ar fáil do phríomhionaid eile seachas an dá chultúrlann ó thuaidh ag brath ar mhaoiniú breise ó na Ranna i mbuiséad Fhoras an Gaeilge; agus
- Go mbeadh ciste ag Foras na Gaeilge le deontais tionscadail a chur ar fáil d'ionaid eile chun deiseanna úsáide Gaeilge a chur ar fáil agus chun gréasáin shóisialta a spreagadh.

## 9. Roghanna

Tá Foras na Gaeilge ar lorg tuairimí ar na roghanna seo a leanas:

**(i) Gan scéim úr a reáchtáil agus leanúint den socrú reatha maoinithe leis an dá Chultúrlann.**

- Faoin rogha seo ní bheadh scéim úr ann ná athrú ar an stádas reatha.

**(ii) Scéim úr a reáchtáil, agus buiséad a aimsiú ó fhoinsí eile laistigh de bhuiséad Fhoras na Gaeilge, agus leanúint de na socruithe maoinithe reatha an dá Chultúrlann.**

- Faoin rogha seo ní bheadh athrú ar an gcur chuige maoinithe don dá Chultúrlann, agus bheadh buiséad na scéime úire le haimsiú taobh istigh de bhuiséad reatha Fhoras na Gaeilge.
- Bheadh tionchar aige sin ar leibhéal an mhaoinithe a bheadh ar fáil do dheontaithe eile Fhoras na Gaeilge.

| | Deontas Reatha | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| **Cultúrlann McAdam Ó Fiaich** | £100k | £100k | £100k | £100k |

[2] Tá na figiúirí in Euro sna táblaí measta de réir ráta malairte de £1:€0.87 (mar atá i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge in 2017).

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Gaeláras Uí Chanáin** | £123k | £123k | £123k | £123k |
| **Iomlán deontas don 2 chultúrlann** | **£223k** | **£223k** | **£223k** | **£223k** |
| **Ciste do Scéim Ionaid Pobail (ó fhoinsí eile i mbuiséad Fhoras na Gaeilge)[3]** | €0 | €70k (£60k) | €70k (£60k) | €70k (£60k) |

**(iii) Laghdú a dhéanamh laistigh d'aon bhliain amháin ar mhaoiniú an dá Chultúrlann.**

- Faoin rogha seo bheadh laghdú mór le déanamh ar dheontas bliantúil an dá Chultúrlann laistigh d'aon bhliain amháin.
- Dá réir sin, bheadh buiséad ann don scéim úr as maoiniú a bhainfí den dá chultúrlann, agus bheadh ciste ag Foras an Gaeilge láithreach le deontais a chur ar fáil d'ionaid eile.

| | Deontas Reatha | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| **Cultúrlann McAdam Ó Fiaich** | £100k | £50k | £50k | £50k |
| **Gaeláras Uí Chanáin** | £123k | £50k | £50k | £50k |
| **Iomlán deontas don 2 chultúrlann** | **£223k** | **£100k** | **£100k** | **£100k** |
| **Ciste úr do Scéim Ionaid Pobail ón 2018 ar aghaidh** | €0 | €140k (£123k) | €140k (£123k) | €140k (£123k) |

**(iv) An maoiniú bliantúil don dá chultúrlann ó thuaidh a laghdú thar thréimhse de 3 bliana (2018-2021), le ciste a chur ar fáil do scéim úr Ionaid Ghaeilge.**

- Faoin rogha seo bheadh sé i gceist ciste de €54,000 (£38,000) a chur ar fáil in 2018, a mhéadófaí go €175,000 (£123,000) in 2020, le haghaidh na Scéime.
- Dá réir sin, bheadh buiséad ann don scéim úr as maoiniú a bhainfí den dá chultúrlann, agus bheadh ciste ag Foras an Gaeilge a d'éireodh níos mó de réir a chéile thar tréimhse 3 bliana.

| | Deontas Reatha | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| **Cultúrlann McAdam Ó Fiaich** | £100k | £85k | £65k | £50k |
| **Gaeláras Uí Chanáin** | £123k | £100k | £75k | £50k |
| **Iomlán deontas don 2 chultúrlann** | **£223k** | **£185k** | **£140k** | **£100k** |
| **Ciste do Scéim Ionaid Pobail ar bhonn céimnitheach ón laghdú ar an 2 chultúrlann** | €0 | £38k (€54k) | £83k (€118k) | £123k (€175k) |

## 10. Measúnú ar thionchair

**Catagóir Alt 75: Creideamh Reiligiúnach**

Ní heol aon saincheist a bheith ann – seachas b'fhéidir leathadh geografach na

[3] Bheadh Foras na Gaeilge in ann 5 dheontas a mhaoiniú leis an gciste seo.

ndaoine atá ag lorg maoiniú.
**Catagóir Alt 75: Tuairim Pholaitiúil**
Ní heol aon saincheist a bheith ann – seachas b’fhéidir leathadh geografach na ndaoine atá ag lorg maoiniú.
**Catagóir Alt 75: Grúpa Cine**
Ní heol aon saincheist a bheith ann.
**Catagóir Alt 75: Aois**
Ní heol aon saincheist a bheith ann – seachas b’fhéidir leathadh geografach na ndaoine atá ag lorg maoiniú.
**Catagóir Alt 75: Stádas Pósta**
Ní heol aon saincheist a bheith ann.
**Catagóir Alt 75: Gnéaschlaonadh**
Ní heol aon saincheist a bheith ann.
**Catagóir Alt 75: Fir & Mná go Ginearálta**
Ní heol aon saincheist a bheith ann – seachas b’fhéidir leathadh geografach na ndaoine atá ag lorg maoiniú.
**Catagóir Alt 75: Míchumas**
Ní heol aon saincheist a bheith ann.
**Catagóir Alt 75: Cleithiúnaithe**
Ní heol aon saincheist a bheith ann.

**Achoimre**
Tá súil ag Foras na Gaeilge nach mbeidh aon tionchar díobhálach ag na hathruithe ar mhaoiniú an dá dheontaí ar aon cheann de ghrúpaí Alt 75, a éilíonn maolú nó beartas eile nó atá oscailte dóibh. Go deimhin, rud atá paradacsúil maidir le hathrú beartais a bheith faoi réir Measúnú Tionchair Comhionannais (MTC), tá Foras na Gaeilge ag moladh an athraithe seo le tabhairt faoi neamh-chomhionannas maidir le rochtain ar mhaoiniú le haghaidh Ionaid Ghaeilge eile ar fud oileán na hÉireann ar bhonn iomaíocht oscailte.

**Roghanna agus Maolú**
Maolóidh an scéim mholta seo neamh-chomhionannas sa chás seo trí spéis a spreagadh ó iarratasóirí cumasacha ó cheantair eile a bhfuil Ionaid Ghaeilge iontu agus tabharfaidh an scéim deis iomaíochta dóibh cur isteach ar chiste Fhoras na Gaeilge.

Aithnítear go mbeidh laghdú mór ar mhaoiniú reatha an dá chultúrlann ó thuaidh (Cultúrlann McAdam Ó Fiaich & Cultúrlann Uí Chanáin) chun an scéim mholta nua a chistiú.

Áirítear na roghanna féideartha uilig a bhaineann le toradh an athbhreithnithe seo faoi mhír 9 thuas.

(i) Gan Scéim Úr a reáchtáil agus leanúint den socrú reatha maoinithe leis an dá Chultúrlann – gan athrú ar an stádas reatha;

(ii) Scéim úr a reáchtáil, agus buiséad a aimsiú ó fhoinsí eile laistigh de bhuiséad Fhoras na Gaeilge agus leanúint de na socruithe maoinithe reatha leis an dá Chultúrlann – gan athrú ar chur chuige maoinithe don dá Chultúrlann ach buiséad na scéime úire le haimsiú taobh istigh de chistíocht reatha Fhoras na Gaeilge agus

tionchar aige sin ar leibhéal an mhaoinithe a bheidh ar fáil do dheontaithe eile;

(iii) Laghdú a dhéanamh laistigh d'aon bhliain amháin ar mhaoiniú an dá Chultúrlann – laghdú mór ar an deontas bliantúil don dá Chultúrlann laistigh de thréimhse ghairid, ach bheadh Foras na Gaeilge in ann líon níos airde de dheontais a cheadú laistigh den bhuiséad méadaithe dá bharr;

(iv) Faoin rogha seo bheadh sé i gceist an maoiniú bliantúil don dá chultúrlann ó thuaidh a laghdú thar thréimhse de 3 bliana (2018-2021), le ciste a chur ar fáil do scéim úr Ionaid Ghaeilge. De réir an chur chuige seo, bheadh ciste de €54,000 (£38,000) ar fáil in 2018, a mhéadófaí go €175,000 (£123,000) in 2020 le haghaidh na Scéime. De réir an chur chuige seo, bheadh laghdú de réir a chéile ar dheontas bliantúil an dá Chultúrlann agus bheadh líon na ndeontas d'ionaid eile á mhéadú de réir a chéile thar an tréimhse chéanna.

## 11. Cinneadh Polasaí

Tabharfar an scéim mholta chun críche tar éis na ráitis a thugtar le linn an phróisis comhairliúcháin a bhreithniú.

**Leis seo, tugtar téacs na gCritéar Cáilitheach a bheidh i gceist ar Scéim Tacaíochta d'Ionaid Ghaeilge a reáchtáil:**

**Critéir Incháilithe:**

Le bheith incháilithe cur isteach ar an scéim seo, ní mór d'iarrthóir na critéir cháilithe seo a leanas a chomhlíonadh:

1. Caithfidh sé foirgneamh a bheith aige inar féidir deiseanna Gaeilge a chur ar fáil agus gréasáin shóisialta a chothú ar mhaithe le cur chun cinn, chothú agus buanú na Gaeilge ar bhonn pobail.
2. Caithfidh sé foirgneamh a bheith aige ina bhfuil an Ghaeilge á húsáid go gníomhach agus á cur chun cinn, agus arb í an Ghaeilge teanga oibre na foirne (idir iad atá fostaithe agus deonach, araon).
3. Caithfidh sé a bheith ina eagraíocht neamhbhrabúis agus gan a bheith in ann brabús a roinnt amach le baill nó scairshealbhóirí. Má tá aon fhiontraíocht geilleagair shóisialta san áireamh ann, caithfidh aon bhrabús a ath-infheistiú i reáchtáil an ionaid nó i bhforbairt na Gaeilge (i.e. infheistiú i naíonra srl.).
4. Cóip shínithe agus dhátaithe de cháipéisí rialaithe na heagraíochta (mar shampla, bunreacht, Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais mar is cuí) a bheith leis an iarratas.
5. Caithfidh an t-iarratas a bheith de réir thosaíochtaí na scéime agus straitéis Fhoras na Gaeilge.
6. Caithfidh sé fianaise a thabhairt go bhfuil an foirgneamh i seilbh an iarrthóra nó go bhfuil léas fadtéarmach ag an iarrthóir air; go bhfuil sé in ann, go dlíthiúil, a chur ar fáil ón bhfoirgneamh, i.e. níl aon chlásal eisiaimh nó srianta sna gníomhais nó sa léas.
7. Ní mór cuntais bhliantúla a chur leis an iarratas. Má bhíonn na cuntais bhliantúla níos sine ná 12 mhí, ní mór na cuntais bhainistíochta a chur ar fáil agus iad sínithe ag cathaoirleach na heagraíochta agus miontuairiscí den chruinniú inar glacadh leo a chur ar fáil.

8. Cuntas bainc in ainm na heagraíochta atá faoi stiúir Choiste nó Bhord na heagraíochta (Ní mór gurb ionann ainm an chuntais bainc agus ainm an iarratasóra). Ní mór é a bheith riachtanach de réir nósanna imeachta na heagraíochta gur gá beirt nach bhfuil gaol acu dá chéile seiceanna a shíniú.
9. Ní mór cóipeanna de na ráitis bhainc sna 3 mhí dheireanacha a chur ar fáil.
10. Struchtúr ceart bainistíochta a bheith ag an eagraíocht agus cumas bainistíochta a léiriú.
11. Bheith lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht.
12. Caithfidh an eagraíocht nó an t-iarrthóir cloí le gach riachtanas reachtúil ábhartha le foirgneamh pobail a reáchtáil.
13. Caithfidh polasaithe árachais a bheith i bhfeidhm a chumhdóidh dliteanas poiblí, an foirgneamh agus á bhfuil ann, agus dliteanas fostóra.

**I measc eagraíochtaí neamhcháilithe tá:**

- Údarás áitiúil, scoil, coláiste nó institiúid oideachais eile, naíonra, nó eagraíochtaí ón earnáil bhrabúis.
- Eagraíochtaí atá ag fáil bunmhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge i.e. Ceanneagraíochtaí; ina measc áirítear na 6 Cheanneagraíocht, deontaithe Scéim Raidió Pobail, An tÁisaonad, Gaelchultúr agus Comhlachtaí Foilseachán Gaeilge.
- Fochumainn de chuid Chumann Lúthchleas Gael (clubanna agus clubthithe) agus Comhaltas Ceoltóirí Éireann
- Gnólachtaí na hEarnála Gnó Príobháidí.
- Ionaid phobail eile nach í an Ghaeilge teanga oibre an ionaid.
- Ionaid phobail atá lonnaithe sa Ghaeltacht.

## 12. Do Thuairimí a Lorg

Táimid ag lorg do thuairimí ar na hathruithe molta ar an maoiniú reatha d'ionaid Ghaeilge agus ar na moltaí deiseanna breise a chruthú chun cur le líon na n-ionad maoinithe faoin gciste:

C 1. **Cén rogha is fearr leat?**

Léirigh tuairim i leith na rogha is fearr as na ceithre rogha fhéideartha mar a léirítear iad sa cháipéis seo:

Aontaíonn Conradh na Gaeilge go bhfuil gá le scéim chun cabhrú le lárionaid Ghaeilge a fhorbairt ar fud na hÉireann. Tá Conradh na Gaeilge den tuairim fosta gur ionaid ríthábhachtacha iad an dá Chultúrlann i mBéal Feirste agus i nDoire don Ghaeilge agus do phobal Gaeilge na tíre ar fad. Mar sin de tá muid den bharúil nár chóir ceachtar den dá Chultúrlann a chur i mbaol, mar atá siad tar éis a chur in iúl dúinn a tharlóidh má chuirtear na ciorruithe molta i rogha 3 agus a 4 sa cháipéis seo i bhfeidhm,.

Creideann an Conradh go bhfuil an cháipéis comhairliúcháin seo easnamhach. Leagtar ceithre rogha amach sa chomhairliúchán ach ní áirítear aon rogha ina measc seo áfach, le gur féidir le duine sa phobal aontú go bhfuil gá ann do scéim lárionad chun tacaíocht a thabhairt do lárionaid Ghaeilge, ach gur chóir go gcuirfí a leithéid de scéim ar bun le maoiniú as an nua ón dá Rialtas chuige seo.

Feictear dúinne go bhfuil fadhbanna bunúsacha bainte le gach rogha atá leagtha amach thuas.

i) Níl an rogha seo sásúil nó is cinnte go bhfuil gá le hinfheistíocht bhreise do lárionaid Ghaeilge fud na tíre.

ii) Níl an rogha seo sásúil nó níor chóir ciorruithe a dhéanamh ar scéimeanna fiúntacha atá ar leas phobal na Gaeilge.

iii) & iv) Níl ceachtar den dá rogha sásúil mar go mbeadh drochthionchar tubaisteach ar an dá chultúrlann, faoi mar atá siad tar éis a chur in iúl dúinn má cuirtear na ciorruithe molta i rogha 3 agus a 4 sa cháipéis seo i bhfeidhm, i. bheadh an dá ionad, ar chrainn tacaí iad do phobail Ghaeilge na ceantracha ina bhfuil siad suite, i mbaol druidime. Ba chóir foghlaim ó fhorbairt na gcultúrlann seo agus na ceachtanna a úsáid le lárionaid Gaeilge eile a fhorbairt ar fud an oileáin le maoiniú nua ón dá Rialtas. – B'olc an rud ar fad é dá gcuirfí i mbaol na gcultúrlann.

Mar sin de, molann muid go láidir gan brú ar aghaidh le ceann ar bith de na roghanna atá luaite sa cháipéis seo agus gur chóir d'Fhoras na Gaeilge dul sa tóir ar an €1.5m atá riachtanach do chiste le lárionaid Ghaeilge a fhorbairt ar fud na hÉireann, mar atá luaite sa phlean infheistíochta.

Tá an-bhaol ann go mbeidh níos mó drogall ar an dá Rialtas aon airgead nua a thabhairt do Scéim Lárionad Gaeilge má cheapann siad gur féidir le Foras na

Gaeilge an ciste maoinithe atá ag an bhForas a ghearradh níos mó leis an gcúram seo a chomhlíonadh. Tá an comhairliúchán seo, mar sin, ag tabhairt an leithscéil sin dóibh, go háirithe mar gheall nach bhfuil an cúigiú rogha ann, i. gur chóir scéim lárionad a bheith ann le ciste maoiniú nua de €1.5 milliún.

**B'fhearr don Fhoras a rá leis an dá Rialtas go soiléir nach féidir leis an bhForas aon rud luaite sa phlean infheistíochta nó aon scéim nua eile a thosú mar gheall ar easpa maoinithe.**

C 2. **An bhfuil moltaí agat faoi scéim ionad?**

An bhfuil moltaí agat maidir leis an scéim atá molta sa cháipéis seo? Mínigh do mholtaí le do thoil.

Aontaíonn Conradh na Gaeilge go láidir go bhfuil gá le scéim le cabhrú le lárionaid Ghaeilge a fhorbairt ar fud na hÉireann. Sin ráite, creideann muid go bhfuil roinnt fadhbanna bunúsacha ag baint leis an scéim atá molta thuas.

Is í an príomhfhadhb í ná go bhfuil sé molta thuas an scéim a reáchtáil *"laistigh den chiste reatha maoinithe atá againn d'ionaid".* Dar linn tá infheistíocht cheart de dhíth le gur féidir na dúshraitheanna buana a leagadh a bheadh de dhíth ar aon lárionad Gaeilge. Chuige sin tá an plean infheistíochta ann, arna aontú ag 80 grúpa Gaeilge, ina bhfuil €1.5m luaite mar íosmhéid riachtanach do chiste tacaíochta le lárionaid Ghaeilge a fhorbairt ar fud na hÉireann. Chuir an Foras féin a n-ainm leis an phlean sin, agus bheadh buaireamh orainn má bheartaíonn Foras na Gaeilge ar bhrú ar aghaidh le ceann de na roghanna thuasluaite go ndéanfaidh sé dochar don phlean infheistíochta – infheistíocht a bhfuil géarghá léi.

Molann Conradh na Gaeilge gan an scéim atá molta a chur i bhfeidhm. Molann muid gur chóir d'Fhoras na Gaeilge dul sa tóir ar an €1.5m atá riachtanach do chiste le lárionaid Ghaeilge a fhorbairt ar fud na hÉireann, mar atá luaite sa phlean infheistíochta.

C 3. **An bhfuil moltaí feabhsaithe agat?**

An bhfuil moltaí agat le riar agus socrú na scéime sa cháipéis seo a fheabhsú? Mínigh do mholtaí le do thoil.

Níl aon mholtaí breise againn seachas nár chóir ciorruithe a chur i bhfeidhm ar an dá Chultúrlann i mBéal Feirste agus i nDoire, agus gur chóir dul sa tóir ar airgead nua ón dá rialtas le gur féidir an €1.5m atá riachtanach do chiste le lárionaid Ghaeilge a fhorbairt ar fud na hÉireann a chur ar fáil, mar atá luaite sa phlean infheistíochta arna aontú ag 80 grúpa Gaeilge agus Gaeltachta (Foras na Gaeilge san áireamh).

C 4. **An bhfuil moltaí eile agat?**

An bhfuil moltaí eile agat faoin scéim mar atá molta sa cháipéis seo chun deiseanna úsáidte Gaeilge a fhorbairt agus a chothú ag leibhéal an phobail áitiúil – cuir na nithe sa áireamh i do chuid moltaí: deiseanna sóisialta, cultúrtha, foghlaim ar feadh an tsaoil, feasacht agus tacaíochtaí teanga, tacú le hinfreastruchtúr nua Gaeilge a bhunú agus a fhorbairt, etc?

Níl aon mholtaí breise againn seachas nár chóir ciorruithe a chur i bhfeidhm ar an dá Chultúrlann i mBéal Feirste agus i nDoire, agus gur chóir dul sa tóir ar airgead nua ón dá rialtas le gur féidir an €1.5m atá riachtanach do chiste le lárionaid Ghaeilge a fhorbairt ar fud na hÉireann a chur ar fáil, mar atá luaite sa phlean infheistíochta arna aontú ag 80 grúpa Gaeilge agus Gaeltachta (Foras na Gaeilge san áireamh).

B'fhearr don Fhoras a rá leis an dá Rialtas go soiléir nach féidir leis an bhForas aon rud luaite sa phlean infheistíochta nó aon scéim nua eile a thosú mar gheall ar easpa maoinithe.

Chuirfimis fáilte roimh aon eolas agus ráitis sa bhreis dar leat a chuideodh linn bonn eolais a chur lenár mbreithniúchán. Cuir do ráitis faoi **22 Meitheamh 2017** le do thoil, chuig:

**Comhordaitheoir Freagairtí**
**Foras na Gaeilge**
**2-4 Sráid na Banríona**
**Béal Feirste, BT1 6ED**

**Teil +44 2890 890970**

**Comhordaitheoir Freagairtí**
**Foras na Gaeilge**
**7 Cearnóg Mhuirfean**
**Baile Átha Cliath 2**

**Teil +353 1 639 8400**

**Ríomhphost:** **ionaid@forasnagaeilge.ie**

N.B. Tabhair sonraí teagmhála le do thoil.

**7. Comhairliúchán Foirmiúil, Cinneadh agus Foilsiú Torthaí**

Tosóidh an próiseas foirmiúil comhairliúcháin seo i mí Aibreáin 2017.
Foilseoimid achoimre freagairtí ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge i bhfómhar 2017.

Seolfar toradh an phróisis comhairliúcháin ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge.

Déanfaidh Bord Fhoras na Gaeilge a gcinneadh i bhfómhar 2017.